


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Gnóthaí Acadúla UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Comhairleoirí na Mac Léinn UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | Comhairleoir na Mac Léinn |
| **Tréimhse an Phoist** | Téarma Seasta Sealadach 36 Mí (Móide Painéal Sealadach 6 mhí) |
| **Grád** | 95 Admin Officer Ii_2010 |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Cláir – Leibhéal Gairme 3 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2019/039 |
| **Bainisteoir Líne** | Ceannchomhairleoir na Mac Léinn |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019550 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Arianna Eady |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána** | YES |

Tá Comhairleoirí na Mac Léinn mar chuid lárnach den struchtúr tacaíochta acadúil UCD do mhic léinn agus tá siad bunaithe laistigh de chláir acadúla agus d'aonaid áirithe (e.g. Taighde Iarchéime, Mic Léinn Lánfhásta). Tá siad freagrach as comhairle, treoir agus tacaíochta a sholáthar do mhic léinn ar bhonn aonair. Agus eolas fairsing institiúideach acu, cabhraíonn siad le mic léinn agus iad ag déileáil le beartais, nósanna imeachta, seirbhísí agus struchtúir eile UCD, agus cuireann siad ar fáil an t-am agus an spás do mhic léinn a thugann aghaidh ar dhúshláin éagsúla chun a n-údair imní a chur i bhfriotal, agus chun dul i mbun plé agus i ngleic leo. Idir ghnáthcheisteanna agus ábhair níos tromchúisí, cabhraíonn comhairleoirí na mac léinn go gníomhach le mic léinn teacht go feasach ar chinntí maidir lena gcuid spriocanna acadúla agus riachtanais aonair. Oibríonn comhairleoirí na mac léinn i ndlúthchomhar leis an bhfoireann acadúil, leis an bhfoireann riaracháin agus le foirne tacaíochta eile chun na deacrachtaí atá níos casta agus níos dúshlánaí a dtugann mic léinn aghaidh orthu a aithint, a fhreagairt, agus a chomhbhainistiú. Gníomhaíonn siad thar ceann mac léinn nuair is gá agus cuireann siad meon na mac léinn in iúl ar choistí ollscoile agus i ngrúpaí oibre. Oibreoidh an té a cheapfar go dlúth laistigh de chlár acadúil/chláir acadúla ar leith nó laistigh d'aonad áirithe agus beidh siad ina mball d'Fhoireann Chomhairleach na Mac Léinn.

**<u>Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:</u>**

**<u>Ag Obair le Mic Léinn Aonair</u>**

- An t-am agus an spás a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil údair imní pearsanta, praiticiúla, sóisialta nó acadúla acu chun dul i mbun plé lena dtaithí agus a roghanna agus chun teacht ar chinntí feasacha.
- Feasacht, íogaireacht chultúrtha agus tuiscint atruach ar réimse fairsing na riachtanas mac léinn, go háirithe laistigh de phobal na mac léinn atá ag éirí níos éagsúla.
- Éisteacht ar dhóigh thacúil, oibiachtúil, neamhbhreithiúnach agus oscailte le húdair imní mac léinn agus teicnící ceistithe cuí a úsáid chun fadhbanna bunaidh bhreise fhéideartha a aithint agus a mheas.
- Cabhrú le mic léinn a bhfuil fadhbanna pearsanta agus acadúla acu teacht ar na próisis agus na seirbhísí san ollscoil is oiriúnaí dá n-imthosca.
- Tacaíocht leanúnach agus dúshlán cuí a chur ar fáil do mhic léinn a thugann aghaidh ar chonstaicí in aghaidh dul chun cinn acadúil, comhairle a thabhairt dóibh maidir le tacaíochtaí acadúla agus chun cabhrú leo a gcinntí acadúla ina dhiaidh sin a phleanáil go réadúil agus a ullmhú mar is cóir.
- Cabhrú le mic léinn straitéisí a aithint agus a fhorbairt chun tacú agus cur lena bhfoghlaim e.g. bainistíocht ama agus ualaigh oibre.

- Freagairt mar is cóir ar mhic léinn atá thíos le dúshláin mheabhairshláinte.
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil do mhic léinn a bhfuil fadhbanna airgeadais acu. Áirítear leis seo réimse na faisnéise faoi scéimeanna cabhrach airgeadais UCD, cabhair agus abhcóideacht chun cur isteach orthu; bainistíocht táillí agus buiséid.
- Comhairle, tacaíocht agus abhcóideacht a chur ar fáil, i gcás inar gá, do mhic léinn atá faoi réir nósanna imeachta araíonachta na hOllscoile.
- Tuiscint agus cur amach ar na beartais agus nósanna imeachta éagsúla ábhartha UCD a fhorbairt (lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hImthosca Maolaitheacha, Cead Neamhláithreachta, Éirí as, Iompar na Mac Léinn, Cód agus Toilleadh, Dínit agus Meas) chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt mar is cóir ina leith. Ag obair le tacaíochtaí foirne, áitiúla agus ollscoile ábhartha.
- Caidrimh a chothú le baill lárnacha den fhoireann acadúil, riaracháin agus tacaíochta chun a chinntiú go gcuirfear seirbhís éifeachtúil agus freagrúil ar fáil do mhic léinn.
- Feidhm atreoraithe, idirghabhála agus nasctha le seirbhísí tacaíochta inmheánacha a sholáthar atá ailínithe le riachtanais aonair an mhic léinn.
- Comhoibriú le baill foirne ábhartha, nuair is gá, chun cásanna casta na mac léinn a chomhbhainistiú.
- Comhairle a chur ar fáil do bhaill foirne UCD maidir le réimse fairsing saincheisteanna a bhaineann le mic léinn lena n-áirítear cásanna a bhfuil ceist nó údar imní acu maidir le mac léinn ar leith.
- Cur le coistí agus grúpaí oibre ábhartha clár-shonracha lena n-áirítear cásanna mac léinn, mar is cuí, a chur faoi bhráid chruinnithe ábhartha Bhord Scrúduithe na gClár agus cruinnithe an Choiste Athbhreithnithe um Scrúduithe na gClár, agus abhcóideacht a dhéanamh ar a son.
- Cur le forbairt beartais agus rannpháirtíocht na mac léinn.
- Cur le forbairt beartais UCD maidir le gach gné thacaíochta do mhic léinn trí mheon an mhic léinn a chur in iúl.
- Tacú le himeachtaí ionduchtaithe agus piarmheantóireachta a chur ar fáil go héifeachtach chun cabhrú le mic léinn lena n-aistriú go dtí an Ollscoil.
- Páirt a ghlacadh, i gcás inar gá, in imeachtaí Cláir nó Cohóirt a bhaineann go sonrach le hearcú, rannpháirtíocht agus aitheantas na mac léinn.
- Faisnéis a scaipeadh do mhic léinn agus do bhaill foirne maidir le Seirbhís Chomhairleach na Mac Léinn agus seirbhísí tacaíochta eile do mhic léinn atá ar fáil in UCD.
- I gcás inar cuí, tacú le gníomhaíochtaí ionchuimsitheacha lena gcothaítear muintearas agus pobal na mac léinn.

An ról a bhainistiú

- Tabhairt faoi oiliúint éigeantach ábhartha (amhail oiliúint ASIST, oiliúint um Nochtadh Ionsaithe Ghnéasaigh agus oiliúint um Theiripe Ghearr Réiteachdhírithe) agus faoi dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha eile.
- Freastal ar mhaoirseacht, más gá, chun críocha treorach agus tacaíocht ghairmiúil.
- Rúndacht a choimeád agus caitheamh le ceisteanna íogaire leis an meas agus an stuaim chuí, agus a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht um chosaint sonraí.
- Oibriú laistigh de theorainneacha gairmiúla agus pearsanta.
- Taifid bheachta a choimeád ar theagmhálaithe na mac léinn.
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe Foirne Comhairleoirí na Mac Léinn.
- Cumarsáid a dhéanamh, de réir mar is cuí, le tuismitheoirí, teaghlach nó tríú páirtithe eile i gcomhréir leis an Reachtaíocht um Chosaint Sonraí.
- Aon dualgas eile a leagann an Ceann um Sheirbhís Chomhairleach na Mac Léinn atá comhsheasmhach leis an ról.

**Administrative Officer Ii_2010 (0173_X) Salary Scale: € 51,999 - € 66,464 Per Annum**

Oifigeach Riaracháin Ii_2010 (0173_X) Scála Tuarastail: € 51,999 - €66,464 In aghaidh na Bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais. Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis ar phinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creatlach do Chnuasaigh Post ag UCD agus tá an ról seo mar chuid den Chnuasach Poist um Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Cláir, agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairmréime 3. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat do Chnuasaigh Post le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Mandatory:

**Cáilíochtaí Oideachais agus Taithí**

- Cáilíocht iarchéime (íosleibhéal 8 ar an CNG) nó cáilíocht ábhartha choibhéiseach i réimse gaolmhar.
- Taithí ghairmiúil ábhartha shuntasach (3-4 bliana go hiondúil) ag obair le mic léinn nó le haosaigh óga in institiúid tríú leibhéal nó in eagraíocht mhór chomhchosúil.

**Functional Competencies**

- Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 2) Taithí shuntasach ar thacaíocht, treoir agus comhairle a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara. Áireofar leis seo leas agus folláine na mac léinn i gcásanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon agus nuair a bheidh mic léinn faoi bhrú ollmhór. An éifeachtacht a bhaineann le hidirghabhálacha a mheas agus cleachtas atá bunaithe ar mhachnamh agus ar athbhreithniú chomh maith le dea-chleachtas idirnáisiúnta.

- Teacht Aniar ó thaobh Oibríochtaí de (Leibhéal Oilteachta 2) Sárchumas teacht aniar agus tascanna laethúla á ndéanamh agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú laethúil, lena n-áirítear cumas fanacht sochair agus tomhaiste in aghaidh aon deacrachtaí nó buillí a thagann chun cinn.

- Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 2) Cur amach maith ar bhainistíocht sonraí dea-chleachtais agus ar chleachtais um rialachas sonraí. Inniúlacht oibriú mar is cuí le faisnéis phearsanta íogair.

- Grinneas teicniúil (Leibhéal Oilteachta 2) An cumas eolas, scileanna agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú chun torthaí a bhaint amach nó tascanna a chur i gcrích go héifeachtach agus an cumas oiriúnú do thimpeallacht TF a bhíonn i gcónaí ag athrú

**Core Competencies**

- Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh (Leibhéal Oilteachta 2): An cumas dul i mbun cumarsáide scríofa agus labhartha atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le Luachanna UCD, in ann eolas agus

smaointe a chur i láthair agus a roinnt le daoine eile, éisteacht go cúramach, tuiscint a shoiléiriú agus dearcthaí éagsúla a mheas.

- Feasacht Eagraíochtúil (Leibhéal Oilteachta 2): An cumas tuiscint láidir a léiriú ar UCD ina iomláine, lena n-áirítear struchtúir rialachais agus rialacháin.
- Caidrimh a Chothú (Leibhéal Oilteachta 2): An cumas caidreamh oibre éifeachtach a fhorbairt laistigh dá réimse féin agus ar bhonn níos leithne le comhoibriú agus rannpháirtíocht a spreagadh i réimsí eile agus comhpháirtíochtaí a chothú chun torthaí a bhaint amach.
- Tionscnaíocht a Ghlacadh (Leibhéal Oilteachta 3): Cumas chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe ina réimse oibre féin agus gníomhú go luath chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus iad a fhuascailt agus réitigh a aimsiú.
- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar chuimsiú a léiriú.

Desirable:

- Taithí ar obair laistigh de thimpeallacht oideachais tríú leibhéal.
- Taithí ar riachtanais na mac léinn a aithint agus tabhairt faoi thionscnaimh nua chun aghaidh a thabhairt orthu.

## Supplementary information:

| | |
|---|---|
| The University: | https://www.ucd.ie/ |
| UCD Strategy 2030: Breaking Boundaries | https://strategy.ucd.ie/ |
| The College/Management Unit: | https://www.ucd.ie/studentadvisers/ |
| Equality Diversity and Inclusion at UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Informal Enquiries ONLY to:**

| | |
|---|---|
| Name: | Dr Niamh Nestor |
| Title: | Head Of Service - Student Advisers |
| Email address: | niamh.nestor@ucd.ie |